

Fuinneamh agus na héadaí a chaitheann tú

Úsáideann triomadóirí
éadaigh a lán fuinnimh!
Triomaigh éadaí ar chroch
éadaí nó ar líne níocháin

Smaoinigh faoi...


Seo roinnt ceistanna a chabhróidh le do rang smaoineamh faoin bhfuinneamh a úsáideann siad maidir le héadaí...

1. *Cá has ar tháinig do gheansaí scoile, an féidir leat an lipéad a sheiceáil?*
2. *Cé mhéad ciliméadar a thaistil do gheansaí? Ar thaistil sé ar long, ar eitleán, ar an iarnród nó i leoraí?*
3. *Cén t-ábhar as a ndearnadh é? An ábhar nádúrtha nó de dhéantús an duine é seo?*
4. *Cén teocht ar a níonn tú d'éadaí?*
5. *Cad a tharlaíonn do sheanéadaí?*



Chun éadaí a dhéanamh, is féidir leis an obair sin úsáid a bhaint as méideanna móra fuinnimh, uisce agus ceimiceáin thocsaineacha. Mar shampla, chun cadás a fhás agus a dhathú, is gá úsáid a bhaint as fuinneamh agus lotnaidicídí. Is gá 6 phionta uisce a úsáid chun baitín cadáis amháin a dhéanamh!

Is i dtíortha níos boichte a dhéanann daoine a lán de na héadaí a cheannaímid in Éirinn. I gcás cuid de na daoine a dhéanann na héadaí bíonn droch-choinníollacha oibre acu mar gheall air seo.



Iompraíonn comhlachtaí éadaí ó áiteanna i bhfad i gcéin ar thraein, ar eitleán agus ar long chun iad a thabhairt go dtí na siopaí in Éirinn. Cruthaíonn 'na haistir faisin' seo gáis cheaptha teasa agus cuireann siad le hathrú aeráide. Agus ansin úsáidimid níos mó fuinnimh chun éadaí a ní, a thriomú agus a iarnáil.

Tá éadaí níos saoire, agus dá bhrí sin, ceannaímid níos mó díobh. Ní mhaireann ár n-éadaí chomh fada sin mar go n-úsáideann comhlachtaí ábhair ar chaighdeán íseal. Dá bharr sin, caithimid níos mó éadaí amach.



Cad is féidir leatsa a dhéanamh?

- Aire a thabhairt do d'éadaí. Iarr ar an duine a níonn d'éadaí chun na rudaí seo a dhéanamh:
 - Éadaí a ní ar theochtaí ísle
 - Glantach atá saor ó cheimiceáin a roghnú
 - Gan éadaí a thriomú i dtriomadóir – an líne níocháin a úsáid ina ionad sin
 - D'éadaí a chrochadh go dtí go mbíonn siad tirim chun laghdú a dhéanamh ar an méid éadaí is gá a iarnáil.
- Eagraigh Siopa Malartaithe i do scoil. Cuimhnigh, na héadaí atá duine eile ag iarraidh a chaitheamh amach b'fhéidir go dtaitneoidh siad leat!
- Déan d'éadaí a athchúrsáil agus a uaschúrsáil. Eagraigh seó faisin chun do chairde a spreagadh!
- Athchúrsáil do sheanéadaí trí iad a thabhairt chuig do shiopa carthanais nó d'ionad athchúrsála áitiúil.
- Fiafraigh de na siopaí nó na dearthóirí faisin is fearr leat cad atá á dhéanamh acu chun cabhrú leis an scéal.
- Roghnaigh éadaí níos orgánaí, éadaí cóir-thrádála agus éadaí a dhéantar go háitiúil. Ceannaigh éadaí a dhéantar d'ábhair nádúrtha eile cosúil le cnáib.

Eolas breise



Acmhainní do Mhúinteoirí agus Scoláirí	
Láithreáin Ghréasáin	<ul style="list-style-type: none"> • Faisean glas - 7 gcúis gur cheart duit tacú le faisean inbhuanaithe • http://www.upcyclemagazine.com/what-is-upcycling • http://www.grown.ie/ •
Físeáin	<ul style="list-style-type: none"> • Seó Faisin a Thacaíonn leis an Éiceolaíocht • Féach conas atá a bpáirt á glacadh ag brandaí ar nós H&M • Leideanna faoi fhaisean inbhuanaithe le Vivienne Westwood

Acmhainní do Mhúinteoirí amháin	
<i>Gníomhaíochtaí sa Seomra Ranga</i>	<ul style="list-style-type: none">• Iarr ar na daltaí chun seanphíosa éadaí, cosúil le scarf nó lámhainní, a thabhairt isteach. Iarr orthu na héadaí ‘a uaschúrsáil’ sa rang ealaíne trí choirníní, ribíní nó cnaipí a chur orthu.• Cruthaigh siopa malartaithe sa seomra ranga! Iarr ar na daltaí chun seanéadaí a thabhairt isteach agus iad a mhalartú leis na daoine eile sa rang.